



Aonad 9

Scripteanna

Aonad 9 Mír físe 1

Máire Uí Rabhartaigh

Well, sílimse, an saol a bhí ag na mná fada ó shin, saol na mban fada ó shin agus saol na mban anois. Bhí sé iontach cruaidh ar na mná fada ó shin, caithfidh mé sin a rá. Ní raibh a dhath ar bith acu, bhí achan duine¹ ar an bhád amháin, bhí achan duine ar an bheagán. Ní raibh aon duine ag amharc caidé a bhí ag an duine eile nó ní raibh a dhath ag aon duine. Agus d'oibir siad go cruaidh. Ní raibh inneall níocháin, ní raibh inneall soitheach, ní raibh a dhath ar bith. Bhí eallach acu. Bhí saol iontach cruaidh. Saol na mban inniu, níl agat ach do mhéar a chur ar chnaipe. Tá achan rud agat.

Ach sin ráite, tá mé ag déanamh go bhfuil níos mó brú ar na mná anois. Caithfidh siad achan rud a bheith acu. Má tá rud inteacht agatsa atá galánta tá mise á iarraidh amárach. Agus má fhaigheann duine eile rud inteacht... má tá rud inteacht ag do chuid páistí-se agus nach bhfuil sé ag mo chuid páistí-se, is iad á iarraidh, tá siad ag dul a fháil, má théim i bhfiacha lena fháil. Tá níos mó brú, tá níos brú ann anois ná a bhí fada ó shin.

- 1 ...*achan duine*... An 'n' i ndeireadh an focail 'achan' agus an 'd' i dtús an fhocail 'duine', ritheann siad isteach ina chéile sa dóigh is gur 'n' dúbailte a chluintear. Tá an fhuaim chéanna le cluinstitín in 'aon duine' níos faide anonn san agallamh seo.

'N' dúbailte atá i lár an fhocail 'duine' fosta.

Aonad 9 Mír físe 2

Anna Ní Bhroin

Is minic a smaointím ar caidé an dóigh a ndearn' mo mháthair é le deichniúr clainne. Bhí seachtar girseach agus triúr stócach sa teach. Agus níl agamsa ach beirt agus sílimse go bhfuil mise gnoitheach. Agus is cinnte go raibh sise i bhfad níos gnoithí.

Ach tá rudaí fán saol s'agamsa nach raibh amhlaidh fán saol a bhí aici. Bhí máthair s'aicise, mo mháthair mhór féin – 'Móraí' mar a thug muid uirthi – bhí sise ina cónaí béal dorais agus is cinnte go dtug sise lámh mhaith chuidithe do mo mháthair féin. So, bhí beirt bhan ansin ag tógáil deichniúr páistí. Bhí uncail liom thart fosta a thug lámh mhaith chuidithe daoithe agus do m'athair agus jabanna a bhí le déanamh agus sin uilig go léir.

Ach bhí rud amháin eile nach raibh ag mo mháthair a dhéanamh atá agamsa a dhéanamh. Ní raibh tiomáint ag mo mháthair agus níl go fóill. Agus bímse ag smaointiú: *Well*, b'fhéidir gur sin ceann de na cúiseanna a bhfuil mise chomh gnoitheach agus atá mé. Nuair atá tú ag tiomáint agus nuair atá tú ag tógáil clainne agus nuair... Is é m'athair a rinne an tiomáint uilig go léir sa teach s'againne agus b'fhéidir gur dhá lá sa tseachtain a chuaigh mo mháthair amach sa charr leis – Dé Sathairn ag dul ag siopadóireacht agus Dé Domhnaigh ag dul 'un Aifrin agus sin é.

Agus ní raibh rith thart chuig imeachtaí agus cluichí peile agus traenáil agus ranganna ceoil agus seo siúd agus eile le déanamh ag mo mháthair mar atá agamsa. *So*, b'fhéidir gur sin cuid de na cúiseanna a mbímse chomh gnoitheach is atá mé – mar go gcaithim cuid mhór ama sa charr agus ag tiomáint.

Níl a fhios agam an bhfuil saol níos fusa ag na páistí anois ná mar a bhí againne. Bímse ag iarraidh na, an taithe chéanna agus an saibhreas céanna a thabhairt do mo chuid páistí a bhí agam féin. Laethanta ar an trá agus laethanta ar an phortach. Ní bhíonn muid ag déanamh mórán oibre sa phortach. Bíonn muid thuas ag ithe picnicí ach bíonn muid ag amharc uainn. Scíste a ghlacadh i rith an tsamhraidh. Comhlúadar i measc cairde maithe, a leithéidí sin. Tá sé deas cineál, an saol sin a thabhairt do pháistí. Tá páistí iontach gnoitheach sa lá atá inniu ann agus tá an clár ama iontach sáinnithe le go leor leor cúraimí agus go leor rudaí. Tá sé deas tabhairt orthu rudaí a thógáil breá simplí agus breá bog mar a bhí againn féin agus muid ag fás aníos.

Aonad 9 Mír físe 3

Antain Mac Lochlainn

Siuán: A Antain, nuair a thoisigh tusa a fhoghlaim Gaeilge, cad é mar ba ghnách leat cora cainte agus focla a fhoghlaim?

Antain: An modh oibre a bhí agam ná cuid mhór léitheoireachta a dhéanamh. Agus am ar bith a bhfaca mé cor cainte nó focal a bhí mé ag iarraidh a fhoghlaim, sin a scríobh síos. Nótaí a scríobh faoi agus iarracht a dhéanamh sin a chur de ghlanmheabhair. Agus tá sé rud beag seanaimseartha ach tá mé ag déanamh go bhfuil an modh oibre sin ann go fóill. Go fóill féin, bíonn díol mór ar leabharthaí, ar leithéid *Cora Cainte as Tír Chonaill* le Seán Mac Maoláin. Sin mar is maith le foghlaimeoirí a bheith ag foghlaim leaganacha úra, as leabharthaí den chineál sin, cnuasaigh cora cainte agus a leithéid sin.

Agus tá sin go breá, ach déanaim amach go bhfuil míbhuntáiste amháin ag baint leis, is é sin nach gcluin tú na focla. Agus rud amháin rud a fheiceáil scríofa síos i leabhar; rud eile ar fad é a chluinstin i gcaint daoine.

Siuán: An bhfuil sampla ar bith agat de sin?

Antain: Tá mé ag smaointiú, mar shampla – dá mbeadh duine ag síorchaint ar an ábhar chéanna an t-am ar fad agus dá mbeifeá ag éirí tuirseach de, b'fhéidir go ndéarfá leis an duine go bhfuil sé ag déanamh 'seanbhailéad' den rud seo. Anois, sin an rud atá scríofa san fhoclóir. 'Bailéad' – seanamhrán traidisiúnta, b'fhéidir, a mbeadh tríocha véarsa ann. *So*, an duine atá ag déanamh 'seanbhailéad' de rud, tá sé ag caint go síoraí seasta ar an aon rud amháin agus tá daoine ag éirí tuirseach de.

Agus, is cuimhin liom, d'fhoghlaim mé sin agus bhí mé á ráit fríd dhaoine agus mé iontach bródúil as an chor cainte beag deas seo. Ach ba léir nach raibh duine ar bith do mo thuigbheáil. Agus an chúis atá leis sin ná, an 'd' sin in 'bailéad' agus an 'd' san fhocal 'de', bhí siad ag rith isteach ina chéile. 'D' amháin a bhí ann. Is é a deir daoine ná 'Ná bí ag déanamh seanbhaile de'. Agus tá sé sin go breá. Tuigim sin anois, ach bíonn sé an-deacair d'fhoghlaiméir fios a bheith aige gur mar sin a deirtear an rud, ach amháin má chluin sé é i gcaint duine eile.

Siuán: Agus cad é an chomhairle a chuirfeá ar fhoghlaiméirí agus iadsan ag iarraidh dul i ngleic leis na fadhbanna sin?

Antain: Mholfainn do dhaoine, oiread agus a thig leo, úsáid a bhaint as ábhair fuaime. Luaigh mé an leabhar sin *Cora Cainte as Tír Chonaill* le Seán Mac Maoláin. Is seort *classic* atá ann agus bíonn, tá... déarfainn go bhfuil cóip de sin ag achan fhoghlaiméir i gCúige Uladh. Agus níl mé ag ráit gur cheart gan cóip a bheith ag daoine. Ach tá foinsí eile ann. Mar shampla, is cuimhin liom, d'fhoilsigh lontaobhas Ultach cnuasach dar teideal *Taisce Focal* agus an bua a bhain leis an leabhar sin ná go raibh dlúthdhioscaí leis. So, na leaganacha deasa seo a bhí sa leabhar, bhí siad le cluinstitín ag an fhoghlaiméir agus bheadh a fhios aige ansin an dóigh le iad a ráit mar is ceart.

Agus tá comhlachtaí ann, mar shampla tá teach foilsitheoireachta i nGaoth Dobhair – Éabhlóid – agus tá a fhios agam go bhfuil 'closleabharthaí' mar a thugtar orthu, nó *audiobooks*, foilsithe acu. Agus is fiú go mór iad sin. Sin gan dul chomh fada leis na hamhráin, fiú amháin, agus is foinse iontach iad na hamhráin maidir le foghraíocht na Gaeilge agus fuaimeanna na teanga.